CSS 1

Ráiteas um Chosaint Leanaí agus Measúnú Riosca

Do:	**Coláiste Cholmcille**	
Ag:	**Indreabhán, Co. na Gaillimhe**	

I an scoil seo: Is bunscoil ☒Iar-bhunscoil ☐scoil speisialta

De réir cheanglas Acht um Leanaí ar dtús 2015, maidir le *Leanaí ar dtús: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017*, an *tAquila le Leanaí Ar dtús (2019), Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025 agus Leas Leanaí: Treoir maidir le Beartas, Nós Imeachta agus Cleachtas. 2ú heagran. (Tusla, 2024)*, tá an Ráiteas um Chosaint Leanaí agus an Measúnú Riosca atá leagtha amach sa cháipéis seo glactha ag an mbord bainistíochta.

Tá *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025* na roinne glactha ag an mbord bainistíochta agus cuirfidh sé i bhfeidhm iad go hiomlán agus gan Mheasúnú Ráiteas riomlann um Chosaint Leanaí agus den Mheasúnú Riosca seo.

Ainm an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA):

Peadar Ó Sé

Ainm an Leas-Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe (Leas-DIA/LDIA):

Neasa Nic Shéalaigh

In easnamh an DIA, glacfaidh an Leas-DIA freagrachta an DIA.

Ainm an Duine Ionchuí

Peadar Ó Sé

I scoileanna atá ar duine seo an DIA

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Duine Ábhartha ar:

(cuir rísteach uimhir theileafóin/ríomhphoist).

091 593119 peadar.ose@gretb.ie ccc@gretb.ie

Faoin Acht um Leanaí ar Thús 2015, ciallaíonn Duine Ábhartha duine atá ceaptha ag soláthraí seirbhíse ábhartha mar an gcéad phointe teagmhála i leith an Ráite um Chosaint Leanaí. Ainmnítear an bord bainistíochta ar dtuine seo chun inimh/fhianaise tá m-úsáid leanaí a bhriathrú agus measúnacht a dhéanamh orthu.

Ainm Chathaoirleach an bhoird bhainistíochta, nó i scoil BOO an Phríomhfheidhmeannaigh nó a ionadaí:

David Leahy

I gcás go bhfuil an DIA agus an LDIA as láthair agus nach bhfuil siúd ar fáil, agus i gcás nach bhfuil aon bhaill foirne ag gronnú go párnrúil ina ról, glacann cathaoirleach na boird bainistíochta, nó i scoil BOO an Príomhfheidhmeannach nó a thoscaire, róil an DIA.

Aithníonn an bord bainistíochta go bhfuil cosaint agus slándáil leanaí fíte fuaite le gach gné de shaol na scoile agus gur pá é sin a léiriú i ngach polasaí, nósanna imeachta, cleachtas agus gníomhaíocht na scoile. I ngach ceann de na cásanna seo, cloífidh an scoil leis na prionsabail seo a leanas maidir le dea-chleachtas i gcosaint agus leas leanaí:

Dearfaidh an scoil:

☐Aithint a dhéanamh go bhfuil cosaint agus leas leanaí thar a bheith tábhachtach. Beag beann ar aon bhreithnithe eile.

☐Cloí go hiomlán lena oibleagáidí reachtúla faoin Acht um Leanaí ar dtús 2015 agus reachtaíocht ábhartha eile a bhaineann le cosaint agus leas leanaí.

☐Comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis reachtúla ábhartha i ndáil le cúrsaí cosanta agus leas leanaí.

☐Glac le cleachtais shábháilte chun an fhéidearthacht go ndéanfaí dochar do leanaí a íoslaghdú agus baill foirne na scoile a chosaint ar an ngá rioscaí neamhreachtanacha a ghlacdh a d'fhéadfadh iad a fhágáil i mbaol cúisimh mí-úsáide leanaí.

☐Cleachtas oscailteachta a fhostáilt le tuismitheoirí agus rannpháirtíocht thuismitheoirí in oideachas a tgaistiú a spreagadh.

☐Urraim iomláin a thabhairt do cheanglais rúndachta mar atá leagtha amach i *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025* agus déileáil a dhéanamh le cúrsaí cosanta leanaí. Clói leis na prionsabail thuasluaite i ndáil le haon duine Tasta leochaileach.

Nósanna Imeachta agus Bearta atá i bhFeidhm

Foilsíodh an Ráiteas um Chosaint Leanaí agus ar Measúnú Riosca i gcomhréir le ceanglais faoin Acht um Leanaí ar dtús 2015, an Acht um *Leanaí ar dtús: Treoir Náisiúnta 2017*, agus *Leas Leanaí: Treoir maidir le Beartas, Nós Imeachta agus Cleachtas, 2ú heagran. (Tusla, 2024)*, agus na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025. Chomh maith leis na nósanna imeachta atá liostaithe inar measúnú riosca, táatann na nósanna imeachta seo a leanas lenár n-iriínn leanaí a chosaint agus iad ag baint lhasa as ár seirbhís:

- **Nós Imeachta maidir le Bainistíú Líomhaintí Mí-Úsáide nó Mí-Iompair i gcoinne Pearsanra Scoile a Bhaineann le Leanbh atá ag Baint Úsáide as ár Seirbhís**

  I gcás ina mbíonn aon bhall de phearsanra na scoile faoi réir aon imscrúdaithe i leith aon ghnímh, neamhghnímh nó iomthíosa a bhaineann le leanbh atá ag freastal ar an scoil, ceanglaitear ar an scoil cloí leis na nósanna imeachta ábhartha a leagtar amach i gCaibidil 7 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025 agus leis na nósanna imeachta araíonachta ábhartha comhaontaithe do bhaill foirne na scoile atá foilsithe ar shuíomh gréasáin gov.

> **Nós Imeachta maidir le hEarcaíocht agus Roghnú Sábháilte Pearsanra Scoile chun Obair le Leanaí**

– Tá sé de dhualgas ar an scoil cloí le ceanglais an Achta Grinnfhiosúcháin. Éilíonn roghnú nó earcaíocht foirne agus a n-oifrúnacht chun oibriú le páistí ar an scoil cloí le ceanglais reachtúla grinnfhiosúcháin Aichtanna an Bhrúid Náisiúnta Grinnfhiosúcháin (Leanaí agus Daoine Leochaileacha) 2012 go 2016, agus leis an treoir níos leithne maidir le dualgas cúraim a leagtar amach i gclórchláin ábhartha grinnfhiosúcháin agus earcaíochta an Gharda Síochána arna bhfoilsiú ag an Roinn Oideachais agus Óige agus atá ar fáil ar shuíomh gréasáin gov.ie agus mar a leagtar amach i gCaibidil 10 de na nósanna imeachta.

– Tá prótacal scríofa i bhfeidhm lena n-údaraítear gníomh laithreach i gcásanna ina ngcanglaítear ar fhostaí a bheith as poist as geall ar chúrsaí leanái nó chúiseamh na scoile cosanta leanaí.

> **Nós Imeachta maidir le Soláthar Oiliúint agus Faisnéise maidir le Cosaint Leanaí agus Rachtain orthu, lena n-áirítear Aithint Tharla an Dodhála**

– Cuireann an scoil faisnéis agus oiliúint ar fáil do bhaill foirne na scoile maidir le sainaithint tarlaithe diokhála (mar a shainmhínítear in Acht 2015) mar seo a leanas:

-Tá cóip de Ráiteas um Chosaint Leanaí agus Measúnú Riosca na scoile curtha ar fáil ag an scoil do gach ball de phearsanra na scoile, lena n-áirítear aon bhaill nua de phearsanra na scoile, (fostaithe agus oibrithe deonacha, baill den bhord bainistíochta, múinteoirí faoi oiliúint agus iad atá ar thaithí oibre).

-Cinnfíonn sé go bhfuil oiliúint ábhartha faighte ag baill de phearsanra na scoile agus go bhfuil oiliúint ar chosaint leanaí cinntiúcháin.

-Spreagann sé baill an bhoird bhainistíochta chun leas a bhaint as aon oiliúint ábhartha agus oiliúint ar chosaint leanaí a chuirtear ar a fáil.

- Cinnfíonn an bord bainistíochta go gcoimeádfar taifid ar oiliúint chosanta leanaí na foirne agus na gcomhaltai bóird go léir.

> **Nós Imeachta maidir le Tuairisciú Imní maidir le Cosaint nó Leas Leanaí chuig Tusla**

– Ceanglaítear ar gach ball de phearsanra na scoile cloí leis na nósanna imeachta atá leagtha amach i *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025*, maidir le hímní faoi chosaint leanaí a thuairisciú do Tusla. Baineann tuairisciú éigeantach le gach múinteoir cláraithe agus le haon duine eile atá faoi chúram na scoile; mar shampla séiplínneach nó altra. Tá liosta iomlán de na daoine sin atá ina ndaoine sainordaithe leagtha amach in Aguisín 1 de na nósanna imeachta.

> **Nós Imeachta maidir le Liosta a Choinneáil de na Daoine (más ann dóibh) sa tSeirbhís Ábhartha ar Daoine Sainordaithe iad**

– Tá nós imeachta i bhfeidhm chun liosta de dhaoine sainordaithe a choinneáil. Féadfaidh scoileanna foireann bhreise a fhostú ó am go ham agus bhféil ionchas acu de bhua a ngairme. Beidh na múinteoirí cláraithe uile san áireamh sa liosta seo agus sainaithneofar féadálte breise nach muínteoin cláraithe iad.

> **Nós Imeachta chun Duine Ábhartha a Cheapadh (i scoileanna is é an DIA an duine seo)**

– Tá nós imeachta i bhfeidhm chun duine ábhartha a cheapadh.

Is féidir rochtain a fháil ar na nósanna imeachta éagsúla dá dtagraítear sa Ráiteas um Chosaint Leanaí agus sa Mheasúnú Riosca seo trí shuíomh gréasáin na scoile: suíomh gréasáin gov.ie nó cuirfear ar fáil iad ag an scoil ar iarratas.

De réir Acht um Leanaí ar dtús 2015 agus an Aguisín le Leanaí ar dtús 2019 agus 2025, na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025*, rinne an bord bainistíochta measúnú ar aon fhéidearthacht go ndéanfadh leanbh dochar agus é/í ag freastal ar an scoil nó ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí scoile. Cuirtear measúnú scríofa ina leagtar amach na réimsí riosca a sainaithníodh agus nósanna imeachta na scoile chun na rioscaí sin a bhainistiú san áireamh leis an Ráiteas um Chosaint Leanaí.

Tabhair ar aird: Níl sé bearaithe gur liosta uileghabhálach é na nósanna imeachta agus na bearta atá i bhfeidhm atá leagtha amach thuas. Cuirfidh boird bhainistíochta aonair nósanna imeachta agus bearta eile a bhaineann leis an scoil san áireamh sa chuid seo freisin.

Tá an ráiteas seo foilsithe ar shuíomh gréasáin na scoile nó cuirtear ar fáil i ar iarratas ón scoil. Tá sé curtha ar fáil do gach ball de fhoireann na scoile, do chumann na dtuismitheoirí (más ann), don phátrún agus do thuismitheoirí. Cuirtear cóip den ráiteas seo agus den mheasúnú riosca ar fáil do Tusla agus don roinn má iarrtar é.

Déanfar athbhreithniú bliantúil ar an Ráiteas um Chosaint Leanaí agus ar an Measúnú Riosca seo nó a luaithe is féidir tar éis athrú ábhartha a bheith ann in aon ábhar lena mbaineann an ráiteas seo.

Measúnú Riosca um Chosaint Leanaí

Liosta de Ghníomhaíochtaí na Scoile	Rioscaí a Aithníodh i leith Gach Gníomhaíochta Scoile	Nósanna Imeachta/Bearta atá i bhFeidhm chun an Riosca a Mhaolú
Teacht isteach agus imeacht laethúil na ndaltaí	Baol go ndéanfadh dalta eile dochar do pháiste sa scoil; baol dochar de bharr bulaíochta; baol dochar de bharr maoirseacht neamhleor; baol dochar de bharr ciníochais; baol nach dtabharfadh foireann na scoile faoi deara dochar do pháiste	Polasaí Frithbhulaíochta ("Bí Cineálta") agus Cód Iompair; Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025 ar fáil do gach ball foirne; cumarsáid le tuismitheoirí/caomhnóirí; oiliúint foirne maidir le cosaint leanaí agus tuairisciú (ríomhfhoghlaim Tusla, oiliúint DLP/DDLP); polasaí agus prótacail mhaoirseachta sa chlós.
Sosanna áineasa do dhaltaí	Baol go ndéanfadh dalta eile dochar do pháiste; bulaíocht; maoirseacht neamhleor; ciníochas; baol nach n-aithneofaí dochar	Polasaí Frithbhulaíochta ("Bí Cineálta") agus Cód Iompair; Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025; cumarsáid le tuismitheoirí/caomhnóirí; oiliúint foirne; polasaí agus prótacail mhaoirseachta sa chlós.
Teagasc sa seomra ranga	Baol go ndéanfadh ball foirne nó dalta eile dochar do pháiste; bulaíocht; úsáid mhíchuí ríomhairí, meán sóisialta, fóin nó gléasanna eile; baol nach n-aithneofaí dochar	Polasaí Úsáide Inghlactha (AUP), lena n-áirítear treoir maidir le cianfhoghlaim; Ráiteas Cosanta Leanaí agus Measúnú Riosca tugtha do gach ball foirne; Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025; polasaí maidir le húsáid fóin chliste/táibléad sa scoil (Ciorclán 38/2018); cláir OSPS agus Folláine; oiliúint foirne maidir le cosaint leanaí agus tuairisciú.
Teagasc duine le duine	Baol go ndéanfadh ball foirne dochar do pháiste; maoirseacht neamhleor; cumarsáid nó caidreamh míchuí idir páiste agus páiste eile nó duine fásta; baol i suíomhanna teagaisc/comhairleoireachta aonair; baol mura bhfuil oiliúint chuí ag baill foirne	Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025; polasaí/plean cúraim phearsanta agus polasaí RSO; polasaithe agus nósanna imeachta maidir le teagasc duine le duine, comhairleoireacht agus daoine seachtracha; prótacal maidir le gníomhú láithreach nuair atá daltaí as láthair ar chúiseanna cosanta; oiliúint foirne; grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus nósanna imeachta earcaíochta.
Tacaíocht foghlama duine le duine	Mar an gcéanna leis an teagasc duine le duine	Mar an gcéanna leis an teagasc duine le duine.

Comhairleoireacht duine le duine	Mar an gcéanna leis an teagasc duine le duine	Mar an gcéanna leis an teagasc duine le duine.
Gníomhaíochtaí teagaisc lasmuigh lena n-áirítear ranganna spóirt/cluichí	Baol go ndéanfadh ball foirne, ball foirne eagraíochta eile nó duine eile dochar do pháiste le linn gníomhaíochtaí lasmuigh den scoil; baol ó dhalta eile; bulaíocht; maoirseacht neamhleor	Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025; polasaí Sláinte agus Sábháilteachta; nósanna imeachta Garchabhrach; polasaithe maidir le turais agus úsáid áiseanna seachtracha; polasaí maidir le cóitseálaithe seachtracha; oiliúint foirne; grinnfhiosrúchán agus nósanna imeachta earcaíochta.
Teagasc agus foghlaim ar líne go cianda	Baol go roinnfeadh ball foirne ábhar míchuí trí mheáin shóisialta nó gléasanna digiteacha; cumarsáid mhíchuí le daltaí; úsáid mhíchuí ag páistí ar ríomhairí, fóin agus meáin shóisialta; úsáid mhíchuí ardáin chianfhoghlama	Polasaí Úsáide Inghlactha (AUP); Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025; polasaí maidir le fóin chliste/táibléid; oiliúint foirne maidir le cosaint leanaí agus tuairisciú.
Gníomhaíochtaí spóirt	Baol go ndéanfaí dochar do pháiste le linn gníomhaíochtaí lasmuigh den scoil; bulaíocht; maoirseacht neamhleor	Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025; polasaí Sláinte agus Sábháilteachta; nósanna imeachta Garchabhrach; polasaithe maidir le turais scoile; polasaí maidir le cóitseálaithe seachtracha; oiliúint foirne; grinnfhiosrúchán agus earcaíocht chuí.
Turais scoile	Baol go ndéanfaí dochar do pháiste ag ball foirne, cuairteoir nó oibrí seachtrach; maoirseacht neamhleor	Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025; polasaí Sláinte agus Sábháilteachta; Plean Bainistíochta Teagmhais Chriticiúil; polasaithe maidir le turais agus úsáid áiseanna seachtracha; oiliúint foirne; grinnfhiosrúchán agus earcaíocht chuí.
Turais scoile le fanacht thar oíche	Mar an gcéanna le turais scoile	Mar an gcéanna le turais scoile.
Turais scoile thar lear	Mar an gcéanna le turais scoile	Mar an gcéanna le turais scoile.
Úsáid leithreas/seomraí gléasta/cithfholctha	Maoirseacht neamhleor; cumarsáid nó caidreamh míchuí; baol le linn cúraim phearsanta	Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025; polasaí cúraim phearsanta nuair is gá; oiliúint foirne; polasaí agus prótacail mhaoirseachta.
Lá Spóirt Bliantúil	Bulaíocht; maoirseacht neamhleor; baol le linn	Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025;

	gníomhaíochtaí lasmuigh den scoil	polasaí Sláinte agus Sábháilteachta; nósanna imeachta Garchabhrach; polasaithe maidir le turais agus cóitseálaithe seachtracha; oiliúint foirne; grinnfhiosrúchán agus earcaíocht chuí.
Imeachtaí tiomsaithe airgid a mbíonn daltaí páirteach iontu	Bulaíocht; maoirseacht neamhleor; baol le linn gníomhaíochtaí lasmuigh den scoil	Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025; polasaí Sláinte agus Sábháilteachta; nósanna imeachta Garchabhrach; polasaithe maidir le turais agus úsáid áiseanna seachtracha; oiliúint foirne; grinnfhiosrúchán agus earcaíocht chuí.
Cúram do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, lena n-áirítear cúram pearsanta nuair is gá	Baol dochar de bharr bulaíochta; maoirseacht neamhleor; ciníochas; baol nach n-aithneofaí dochar; baol ar leith do dhaltaí a bhfuil leochaileachtaí acu, lena n-áirítear leochaileachtaí leighis	Tionscnaimh feasachta agus tacaíochtaí do ghrúpaí mionlaigh; Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025; cumarsáid idir an baile agus an scoil; polasaí/plean cúraim phearsanta nuair is gá; polasaí RSO; oiliúint foirne maidir le cosaint leanaí agus tuairisciú.
Cúram d'aon mhic léinn fásta leochaileacha, lena n-áirítear cúram pearsanta nuair is gá	Na rioscaí céanna agus atá luaite thuas	Na bearta céanna agus atá luaite thuas.
Bainistiú iompar dúshlánach i measc daltaí, lena n-áirítear srianadh cuí más gá	Baol de bharr cód iompair neamhleor; cumarsáid nó caidreamh míchuí; baol do dhaltaí leochaileacha a bhfuil riachtanais bhreise acu	Polasaí agus nósanna imeachta maidir le cógais a riar; Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025; Cód Iompair agus nósanna imeachta araíonachta; oiliúint foirne; treoir maidir le hIompraíochtaí Imní agus Freagairt do Chásanna Géarchéime.
Soláthar bia agus dí	Baol de bharr cód iompair neamhleor; cumarsáid nó caidreamh míchuí; baol do dhaltaí leochaileacha	Polasaí riaracháin cógas; Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025; Cód Iompair; oiliúint foirne; treoir maidir le freagairt do chásanna géarchéime.
Riaradh cógas	Baol de bharr cód iompair neamhleor; cumarsáid nó caidreamh míchuí; baol do dhaltaí leochaileacha	Polasaí agus nósanna imeachta maidir le cógais a riar; Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025; Cód Iompair; oiliúint foirne.
Soláthar Garchabhrach	Baol go ndéanfadh ball foirne dochar do pháiste; maoirseacht neamhleor;	Oiliúint gharchabhrach curtha ar fáil do chuid den fhoireann; Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025;

	cumarsáid mhíchuí; baol mar gheall ar easpa oiliúna	polasaí cúraim phearsanta; polasaí RSO; oiliúint foirne; grinnfhiosrúchán agus earcaíocht chuí.
Soláthar curaclaim OSPS agus OCG	Baol go ndéanfadh ball foirne nó dalta eile dochar do pháiste; bulaíocht; úsáid mhíchuí gléasanna digiteacha; baol nach n-aithneofaí dochar	Polasaí Úsáide Inghlactha; Ráiteas Cosanta Leanaí agus Measúnú Riosca; Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025; polasaí maidir le fóin chliste/táibléid; cláir OSPS agus Folláine; oiliúint foirne.
Cosc agus déileáil le bulaíocht i measc daltaí	Bulaíocht; maoirseacht neamhleor; baol nach n-aithneofaí dochar	Polasaí Frithbhulaíochta ("Bí Cineálta") agus Cód Iompair; Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025; curaclam OSPS; oiliúint foirne.
Oiliúint fhoireann na scoile i gcúrsaí cosanta leanaí	Baol go ndéanfadh ball foirne, cuairteoir nó oibrí deonach dochar do pháiste; cumarsáid mhíchuí; baol gan tuairisciú cuí; easpa oiliúna cuí	Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025; Cód Iompair d'fhoireann agus d'oibrithe deonacha; polasaí maidir le húsáid daoine seachtracha; taifid oiliúna agus ionduchtaithe; oiliúint DLP/DDLP; grinnfhiosrúchán agus earcaíocht chuí.
Úsáid pearsanra seachtrach chun an curaclam a fhorlíonadh	Bulaíocht; maoirseacht neamhleor; ciníochas; baol nach n-aithneofaí dochar; baol do dhaltaí leochaileacha	Bíonn grinnfhiosrúchán déanta orthu nó bíonn siad in éineacht le duine a bhfuil grinnfhiosrúchán air/uirthi agus ní fhágtar ina n-aonar iad riamh; Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025; oiliúint foirne.
Úsáid pearsanra seachtrach chun tacú le spórt agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim	Na rioscaí céanna agus atá luaite thuas	Na bearta céanna agus atá luaite thuas.
Cúram do dhaltaí a bhfuil riachtanais nó leochaileachtaí ar leith acu	Bulaíocht; maoirseacht neamhleor; ciníochas; baol nach n-aithneofaí dochar; leochaileachtaí speisialta, lena n-áirítear riachtanais leighis	Tionscnaimh feasachta agus tacaíochtaí; Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025; cumarsáid le tuismitheoirí/caomhnóirí; polasaí cúraim phearsanta; polasaí RSO; oiliúint foirne.
Daltaí ó mhionlaigh eitneacha/imircigh	Bulaíocht; maoirseacht neamhleor; ciníochas; baol nach n-aithneofaí dochar; leochaileachtaí speisialta	Tionscnaimh feasachta agus tacaíochtaí; Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025; cumarsáid le tuismitheoirí/caomhnóirí; polasaí RSO; oiliúint foirne.
Baill de Phobal an Lucht Siúil	Baol dochar de bharr bulaíochta; baol dochar de	Tionscnaimh feasachta agus tacaíochtaí do ghrúpaí mionlaigh;

	bharr maoirseacht neamhleor; baol dochar de bharr ciníochais; baol nach n-aithneofaí dochar; baol do dhaltaí a bhfuil leochaileachtaí ar leith acu, lena n-áirítear leochaileachtaí leighis	Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025; cumarsáid le tuismitheoirí/caomhnóirí; polasaí/plean cúraim phearsanta nuair is gá; polasaí RSO; oiliúint foirne maidir le cosaint leanaí agus tuairisciú.
Leanaí leispiacha, aeracha, déghnéasacha nó trasinscneacha (LADT+)	Baol dochar de bharr bulaíochta; maoirseacht neamhleor; idirdhealú nó leithcheal; baol nach n-aithneofaí dochar; baol do dhaltaí leochaileacha	Tionscnaimh feasachta agus tacaíochtaí do ghrúpaí mionlaigh; Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025; cumarsáid le tuismitheoirí/caomhnóirí; polasaí RSO; oiliúint foirne; soláthar OSPS agus Folláine.
Daltaí a mheastar a bheith LADT+	Na rioscaí céanna agus atá luaite thuas	Na bearta céanna agus atá luaite thuas, lena n-áirítear OSPS agus Folláine.
Daltaí de mhionchreidimh reiligiúnacha	Baol dochar de bharr bulaíochta; maoirseacht neamhleor; ciníochas nó idirdhealú; baol nach n-aithneofaí dochar; leochaileachtaí ar leith	Tionscnaimh feasachta agus tacaíochtaí; Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025; cumarsáid le tuismitheoirí/caomhnóirí; polasaí cúraim phearsanta; polasaí RSO; oiliúint foirne; OSPS, Oideachas Ilchreidmheach agus Luachanna (IMBV) agus Curaclam an Phátrúin.
Leanaí atá faoi chúram (in care)	Baol dochar de bharr bulaíochta; maoirseacht neamhleor; ciníochas; baol nach n-aithneofaí dochar; leochaileachtaí ar leith	Tionscnaimh feasachta agus tacaíochtaí; Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025; cumarsáid le tuismitheoirí/caomhnóirí agus le gníomhaireachtaí cuí; polasaí RSO; oiliúint foirne.
Leanaí atá ar Chóras Fógra um Chosaint Leanaí (CPNS) Tusla	Baol dochar de bharr bulaíochta; maoirseacht neamhleor; ciníochas; baol nach n-aithneofaí dochar; leochaileachtaí ar leith	Tionscnaimh feasachta agus tacaíochtaí; Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025; cumarsáid le tuismitheoirí/caomhnóirí; polasaí RSO; oiliúint foirne.
Leanaí a bhfuil riachtanais leighis acu	Baol dochar de bharr bulaíochta; maoirseacht neamhleor; baol nach n-aithneofaí dochar; leochaileachtaí leighis áirithe	Tionscnaimh tacaíochta; Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025; cumarsáid le tuismitheoirí/caomhnóirí; polasaí cúraim phearsanta nuair is gá; polasaí RSO; oiliúint foirne.
Earcaíocht pearsanra scoile, lena n-áirítear múinteoirí, CRSanna, airí ionaid, rúnaithe,	Baol go ndéanfadh ball foirne, cuairteoir nó oibrí deonach dochar do pháiste; cumarsáid mhíchuí; baol gan ábhair imní	Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025; Cód Iompair d'fhoireann agus d'oibrithe deonacha; taifid ionduchtaithe

glantóirí agus cóitseálaithe spóirt	a thuairisciú go cuí; baol de bharr easpa oiliúna	agus oiliúna; oiliúint DLP/DDLP; cloí le grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus nósanna imeachta earcaíochta.
Teagascóirí Seachtracha / Aoi-chainteoirí	Baol go ndéanfadh daoine seachtracha dochar do dhaltaí; cumarsáid mhíchuí; baol nach dtabharfaí aghaidh ar ábhair imní chosanta	Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025; Cód Iompair; cláir ionduchtaithe; grinnfhiosrúchán an Gharda nuair is gá; maoirseacht chuí i gcónaí.
Oibrithe deonacha/Tuismitheoirí i ngníomhaíochtaí scoile	Baol go ndéanfadh cuairteoir nó oibrí deonach dochar do pháiste; cumarsáid mhíchuí; easpa tuairiscithe ar ábhair imní	Síniú isteach; cártaí aitheantais do chuairteoirí; Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025; Cód Iompair; oiliúint agus ionduchtú nuair is cuí; grinnfhiosrúchán an Gharda nuair is gá.
Cuairteoirí/conraitheoirí sa scoil le linn uaireanta scoile	Baol go ndéanfadh cuairteoir nó conraitheoir dochar do pháiste; cumarsáid mhíchuí; easpa maoirseachta	Córas sínithe isteach; aitheantas cuairteoirí; Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025; Cód Iompair; maoirseacht agus prótacail chuairteoirí.
Cuairteoirí/conraitheoirí le linn gníomhaíochtaí iarscoile	Na rioscaí céanna agus atá luaite thuas	Na bearta céanna agus atá luaite thuas.
Úsáid Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide ag daltaí, lena n-áirítear na meáin shóisialta	Baol go roinnfí ábhar míchuí; cumarsáid mhíchuí ar líne; úsáid mhíchuí ríomhairí, fóin agus meán sóisialta	Polasaí Úsáide Inghlactha (AUP); Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025; nósanna imeachta toilithe maidir le grianghrafadóireacht agus taifeadadh; polasaí maidir le fóin chliste/táibléid; oiliúint foirne.
Cur i bhfeidhm smachtbhannaí faoin gCód Iompair, lena n-áirítear coinneáil isteach agus coigistiú fóin	Baol de bharr cód iompair neamhleor; baol nach n-aithneofaí dochar do dhalta	Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025; Cód Iompair agus nósanna imeachta araíonachta; taifid agus próisis thrédhearcacha; Polasaí Úsáide Inghlactha; oiliúint foirne.
Daltaí ag déanamh taithí oibre sa scoil	Baol go ndéanfadh ball foirne, cuairteoir nó oibrí deonach dochar do pháiste; cumarsáid nó caidreamh míchuí; baol nach dtuairisceofaí imní chosanta go pras; easpa oiliúna cuí	Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025; Cód Iompair d'fhoireann agus d'oibrithe deonacha; polasaí maidir le húsáid daoine seachtracha; taifid oiliúna agus ionduchtaithe; oiliúint maidir le cosaint leanaí agus tuairisciú; grinnfhiosrúchán an Gharda agus nósanna imeachta earcaíochta.
Daltaí ón scoil ag déanamh taithí oibre in ionaid eile	Baol go ndéanfaí dochar do dhalta ag duine fásta nó ag oibrí eile; cumarsáid mhíchuí; easpa tuairiscithe ar chúinsí imní	Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025; Cód Iompair; polasaí maidir le daoine seachtracha; maoirseacht agus

		teagmháil rialta leis an ionad oibre; oiliúint agus próisis tuairiscithe.
Múinteoirí faoi oiliúint ar shocrúchán sa scoil	Baol go ndéanfadh ball foirne, cuairteoir nó oibrí deonach dochar do pháiste; cumarsáid mhíchuí; easpa oiliúna i gcúrsaí cosanta leanaí	Ionduchtú éigeantach nuair a thagann siad chun na scoile; Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025; Cód Iompair; taifid ionduchtaithe agus oiliúna; grinnfhiosrúchán an Gharda agus nósanna imeachta earcaíochta.
Úsáid físeáin, grianghrafadóireachta agus meán eile chun imeachtaí scoile a thaifeadadh	Baol go roinnfí ábhar míchuí trí mheáin shóisialta nó gléasanna digiteacha; cumarsáid mhíchuí le daltaí; úsáid mhíchuí teicneolaíochta	Polasaí Úsáide Inghlactha (AUP), lena n-áirítear treoir maidir le cianfhoghlaim; Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025; nósanna imeachta toilithe agus treoirlínte maidir le grianghrafadóireacht/taifeadadh; polasaí maidir le fóin chliste agus táibléid; oiliúint foirne.
Úsáid áitribh na scoile ag eagraíochtaí eile i ndiaidh am scoile	Baol go ndéanfaí dochar do pháiste ag ball foirne eagraíochta eile nó ag duine eile; maoirseacht neamhleor	Comhaontuithe agus conarthaí le heagraíochtaí seachtracha ina bhfuil forálacha cosanta leanaí; Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025; polasaí Sláinte agus Sábháilteachta; prótacail maidir le húsáid áitribh; oiliúint foirne; grinnfhiosrúchán agus nósanna imeachta earcaíochta ag eagraíochtaí seachtracha.
Úsáid áitribh na scoile ag eagraíochtaí eile le linn an lae scoile	Baol go ndéanfaí dochar do pháiste ag duine seachtrach; maoirseacht neamhleor	Comhaontuithe agus conarthaí cuí; Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025; polasaí Sláinte agus Sábháilteachta; prótacail úsáide áitribh; oiliúint foirne; grinnfhiosrúchán agus nósanna imeachta earcaíochta.
Coinneáil Isteach / Staidéar Tráthnóna	Baol go ndéanfadh dalta eile dochar do pháiste; bulaíocht; maoirseacht neamhleor; ciníochas; baol nach n-aithneofaí dochar	Polasaí Frithbhulaíochta ("Bí Cineálta") agus Cód Iompair; Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025; cumarsáid le tuismitheoirí/caomhnóirí; oiliúint foirne maidir le cosaint leanaí agus tuairisciú; polasaí agus prótacail mhaoirseachta.

Féadfar leathanach bhreise a chur leis an Measúnú Riosca de réir mar is gá.

Samplaí de Ghníomhaíochtaí, Rioscaí agus Nósanna Imeachta

Cuirtear na samplaí atá liostaithe sa cháipéis seo ar fáil chun cabhrú le scoileanna a measúnú riosca a dhéanamh faoin Acht um Leanaí ar dtús, 2015. Ba chóir do scoileanna a thabhairt faoi deara nach bhfuil an liosta samplaí seo beartaithe a bheith uileghabhálach, agus nach ndéanann áireamh sampla de pholasaí nó nós imeachta ar na liostai seo é eisiarcadh. Tá sé de fhreagracht ar gach scoile a chinntiú, chomh fada agus is féidir, go ndéantar aon rioscaí agus nósanna imeachta eile a bhaineann lena cúinsí féin a shainaithint agus a shonrú sa mheasúnú riosca scríofa agus go bhfuil nósanna imeachta leorhóthanacha i bhfeidhm chun iad seo a mhaolú ag an léir ar shainaithnitear.

Aithnitear go bhfuil réimse polasaithe, cleachtas agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag scoileanna cheana féin chun an riosca díobhála do leanaí a mhaolú agus iad ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí na scoile agus go mbeidh rioscaí ísle nó íosta díobhála ag baint le roinnt gníomhaíochtaí scoile i gcomparáid le gníomhaíochtaí eile. I gcomhthéacs an mheasúnaithe riosca nach mór do scoileanna a dhéanamh, tagraíonn an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015 do riosca mar "aon fhéidearthacht díobhála".

Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach, mar chuid dá próiseas measúnaithe riosca, go liostálann agus go ndéanann gach scoil athbhreithniú ar a gníomhaíochtaí éagsúla go léir (lena n-áirítear na gníomhaíochtaí sin a bhféadfadh riosca íseal díobhála a bheith ag baint leo chomh maith leo siúd a bhfuil rioscaí níos airde díobhála ag baint leo a aithint). Trí sin a dhéanamh, cabhróidh sé leis an scoil:

- Aon rioscaí díobhála a d'fhéadfadh a bheith ann i leith ghníomhaíochtaí na scoile a aithint, mar a cheanglaítear faoin Acht um Leanaí ar d'Tús, 2015.
- Leorhóthanacht na nósanna imeachta éagsúla atá i bhfeidhm cheana féin chun na rioscaí díobhála sin a bhainistiú a aithint agus a mheas.
- Aon nósanna imeachta breise den sórt sin a mheastar is gá chun aon riosca a shainaithnitear a bhainistiú a aithint agus a chur i bhfeidhm.

Sábháilteacht ar Líne

An tAguisín le *Tús Áite: Soiléiriúnn an Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017* a foilsíodh i mí Eanáir 2019 gur cheart d'eagraíochtaí a sholathraíonn seirbhísí ábhartha do leanaí an cheist shoiracth maidir le sábháilteacht ar líne a chur san áireamh agus iad ag déanamh a measúnú riosca agus ag ullmhú a Ráiteas um Chosaint Leanaí agus a Measúnú Riosca.

Tugann an Treoir maidir le Leanúnachas Scolaíochta do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna (Aibreán 2020) comhairle faoi thabacht mhúinteoirí úsáid shábháilte agus éifeáil an téilfín a choinneáil le linn foghlama ar líne agus cabhrú le tuismitheoirí agus caomhnóirí a bheith ar an eolas ionna de shábháilteacht ar líne. Ba chóir do scoileanna a chinntiú go gcuireann a mBeartas Úsáide Inghlactha (AUP) eolas agus treoir ar fáil maidir le gníomhaíocht foghlama cianda.

Is éard is riosca i gcomhthéacs an Ráitis um Chosaint Leanaí agus an Mheasúnú Riosca seo ná an riosca "díobhála" mar a shainmhínítear é in Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus ní riosca ginearálta sláinte agus sábháilteachta. Leagtar amach an sainmhíniú ar dhíobháil san Acht um Leanaí ar dtús 2015: ciallaíonn "díobháil", i ndáil le leanbh— (a) ionsaí, drochíde nó faillí an linbh ar bhealach a théann i bhfeidhm go tromchúiseach ar shláinte, forbairt nó leas an linbh, nó ar dócha go ndéanfaidh sé difear tromchúiseach do shláinte, forbairt nó leas an linbh, nó (b) mí-úsáid ghnéasach an linbh, cibé acu de bharr gníomh, neamhghníomh nó imthosca aonair nó sraith nó teaglaimh de ghníomhartha, neamhghníomhartha nó imthosca, nó eile.

Samplaí de Ghníomhaíochtaí Scoile ar féidir le scoileanna tarraingt orthu, de réir mais iomchuí.

1. Teacht agus imeacht laethúil daltaí
2. Sosanna caitheamh aimsire do dhaltaí
3. Teagasc sa seomra ranga
4. Teagasc duine le duine
5. Tacaíocht foghlama duine le duine
6. Comhairleoireacht duine le duine
7. Gníomhaíochtaí teagaisc lasmuigh
8. Múineadh agus foghlaim ar líne go cianda
9. Gníomhaíochtaí spóirt
10. Turais scoile
11. Turais scoile a bhaineann le fanacht thar oíche
12. Turais scoile a bhaineann le taisteal thar lear
13. Úsáid na leithris/na limistéar athraíthe/na gcithfholcadáin i scoileanna
14. Soláthar áiseanna cónaithe do chónaitheoirí
15. Lá Spóirt Bliantúil
16. Imeachtaí bailíthe airgid a bhaineann le daltaí
17. Úsáid áiseanna lasmuigh den láthair le haghaidh gníomhaíochtaí scoile
18. Socruithe iompair scoile lena n-áirítear úsáid tionlacan bus
19. Cúram leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, lena n-áirítear cúram pearsanta nuair is gá
20. Cúram d'aon mhic léinn fásta leochaileacha, lena n-áirítear cúram pearsanta nuair is gá
21. Bainistiú iompair dhúshlánach i measc daltaí, lena n-áirítear úsáid chuí srianta nuair is gá
22. Bainistíocht ar sholáthar bia agus deochanna
23. Leigheas a thabhairt
24. Garchabháir a Thabhairt
25. Foráil churaclaim i leith OSPS, OCG, Fan Sábháilte
26. Cosc agus déileáil le bulaíocht i measc daltaí
27. Oiliúint phearsanra scoile i gcúrsaí cosanta leanaí
28. Úsáid pearsanra seachtrach chun cur leis an gcuraclam
29. Úsáid pearsanra seachtrach chun tacú le spóirt agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim eile
30. Cúram daltaí a bhfuil leochaileachtaí/riachtanais shonracha acu

31. Daltaí ó mhionlaigh eitneacha/imircigh
32. Baill de phobal an Lucht Siúil
33. Leanaí leispiacha, aeracha, déghnéasacha nó trasinscneacha (LADT)
34. Daltaí a mheastar a bheith LADT
35. Daltaí de chreideamh mionlaigh reiligiúnach
36. Leanaí faoi chúram
37. Leanaí ar Chóras Fógra um Chosaint Leanaí (CPNS) Tusla
38. Leanaí a bhfuil riachtanais leighis acu
39. Earcaíocht pearsanra scoile lena n-áirítear múinteoirí/Cúntóirí Riachtanais Speisialta, cúramóirí/runaithe/glantóirí agus cóitsealaithe spóirt
40. Teagascúirí Seachtracha/Cainteoirí Aoi
41. Oibrithe Deonacha/Tuismitheoirí i ngníomhaíochtaí scoile
42. Cuairteoirí/conraitheoirí i láthair sa scoil le linn uaireanta scoile
43. Cuairteoirí/conraitheoirí i láthair le linn gníomhaíochtaí iarscoile
44. Rannpháirtíocht daltaí i searmanais reiligiúnacha/teagasc reiligiúnach lasmuigh den scoil
45. Úsáid na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide ag daltaí ar scoil, lena n-áirítear na meáin shóisialta
46. Cur i bhfeidhm smachtbhannaí faoi Chód Iompair na scoile lena n-áirítear coinneáil daltaí, coisteáil fóin srl.
47. Daltaí ag glacadh páirte i dtaithí oibre sa scoil
48. Daltaí ón scoil ag glacadh páirte i dtaithí oibre in áit eile
49. Múineoin faoi oiliúint i mbun socrúchán oiliúna ar scoil
50. Úsáid físeáin/grianghrafadóireachta/meán eile chun imeachtaí scoile a thaifeadadh
51. Úsáid áitreabh scoile tar éis scoile ag eagraíochtaí eile
52. Úsáid áitreabh scoile ag eagraíochtaí eile le linn lá scoile
53. Club bricfeasta
54. Club obair bhaile/staidéar tráthnóna
55. Páistí atá ag freastal ar scoileanna cónaithe nó ina gcónaí ar shiúl ón mbaile

Samplaí de Rioscaí Díobhála

1. Riosca díobhála gan a bheith aitheanta ag foireann na scoile
2. Riosca nach ndéantar dochar a thuairisciú i gceart agus go pras ag baill foirne na scoile
3. Riosca díobhála i gcás nach bhfaigheann baill foirne scoile oiliúint chuí
4. Riosca go ndéanfadh ball foirne na scoile dochar do leanbh sa scoil
5. Riosca go ndéanfadh leanbh eile dochar don leanbh sa scoil
6. Riosca go ndéanfadh oibrí deonach nó cuairteoir ar an scoil dochar do leanbh sa scoil
7. Riosca go ndéanfadh ball foirne scoile, ball foirne eagraíochta eile nó duine eile dochar do leanbh agus an leanbh ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí lasmuigh den scoil, m.sh. turas scoile, ceachtanna snámha

8. Riosca díobhála mar gheall ar úsáid mhíchuí ardán cumarsáide teagaisc agus foghlama cianda ar líne, amhail duine gan chúireadh ag rochtain an nasc ceacht, daltaí a fhágáil gan mhaoirseacht ar feadh tréimhsí fada ama i seomraí scoile.
9. Riosca díobhála mar gheall ar bhulaíocht linbh
10. Riosca díobhála mar gheall ar chinníochas
11. Riosca díobhála mar gheall ar mhaoirseacht neamhleor ar leanaí ar scoil
12. Riosca díobhála mar gheall ar mhaoirseacht neamhleor ar leanaí agus iad ag freastal ar ghníomhaíochtaí lasmuigh den scoil
13. Riosca díobhála mar gheall ar chaidreamh/cumarsáid mhíchuí idir leanbh agus leanbh nó duine fásta eile
14. Riosca díobhála de bharr leanaí ag rochtain/úsáid mhíchuí ríomhairí, meáin shóisialta, fóin agus gléasanna eile agus iad ar scoil
15. Riosca díobhála do leanaí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu a bhfuil leochaileachtaí ar leith acu, lena n-áirítear leochaileachtaí
16. Riosca díobhála do leanbh agus cúram pearsanta á fháil ag leanbh
17. Riosca díobhála mar gheall ar chód iompair neamhleor
18. Riosca díobhála i gcásanna teagaisc, comhairleoireachta, cóitseála duine-le-duine
19. Riosca díobhála de dheasca cumarsáide míchuí idir ball foirne na scoile agus daltaí trí na meáin shóisialta, teachtaireachtaí téacs, gléas digiteach, nó ar bhealach eile
20. Riosca díobhála de dheasca ball foirne scoile ag rochtain/ag scaipeadh ábhar míchuí trí na meáin shóisialta, teachtaireachtaí téacs, gléas digiteach nó ar bhealach eile
21. Rioscaí i gcás ina bhfuil leanaí ina gcónaí ar shiúl ón mbaile nó ag freastal ar áiseanna lóistín

Seo samplaí de bheartais agus nósanna imeachta a d'fhéadfaí a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar Rioscaí Díobhála.

1. Cuirtear cóip de Ráiteas um Chosaint Leanaí agus de *Mheasúnú Riosca na scoile ar fáil*
2. Tá *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025* ar fáil do gach ball foirne scoile.
3. Ceanglaítear ar phearsanra scoile cloí leis na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025 agus ceanglaítear ar gach ball foirne teagaisc cláraithe cloí leis an Acht um Leanaí ar dtús 2015 chomh maith le tacú le cur i bhfeidhm leanúnach na heoraíochta dár shuíomh atá leagtha amach i Leanaí ar dtús: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017 agus a cuid aguisíní, lena n-áirítear an tAguisín le Tús Áite do Leanaí 2019 agus 2025
4. Tá prótacal scríofa i bhfeidhm lena n-údaraítear gníomh láithreach i gcásanna ina gceanglaítear ar fhostaí a bheith as láthair ón scoil láithreach ar chúiseanna cosanta leanaí.
5. Cuireann an scoil an Clár Fan Sábháilte i bhfeidhm go hiomlán.
6. Cuireann an scoil curaclam an Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte (OSPS) i bhfeidhm go hiomlán.
7. Cuireann an scoil an Folláine i bhfeidhm go hiomlán sa tSraith Shóisearach.

8. Éilítear ar údaráis scoile cód iompair agus polasaí frithbhulaíochta a bheith i bhfeidhm de réir nósanna imeachta "Bí Cineálta" na Roinne chun bulaíocht a chosc agus aghaidh a thabhairt uirthi i scoileanna agus mar atá leagtha amach i gCiorclán 55/2024.
9. Tá an scoil tar éis cloí leis an "Túiscint ar Iompraíochtaí Imní agus Freagairt do Chásanna Géarchéime" arna fhorbairt ag an Roinn Oideachais agus Óige chun dul i ngleic le heigindreacht i measc na foirne maidir le conas freagairt a thabhairt nuair a bhíonn siad i gcásanna géarchéime ina bhfuil imní ann maidir le sábháilteacht fhisiciúil.
10. Cuireann an scoil foscaíonna feasachta frithchiníochais i mbun.
11. Tá polasaí maoirseachta clós/chlós súgartha ag an scoil chun a chinntiú go ndéantar maoirseacht chuí ar pháistí le linn thonóil, scoír agus sosanna agus i leith réimsí riosca leithris, seomraí feistis srl.
12. Tá polasaí agus nósanna imeachta soiléire i bhfeidhm ag an scoil maidir le turais scoile.
13. Tá polasaí sláinte agus sábháilteachta ag an scoil.
14. Cloíonn an scoil le ceanglais reachtaíocht grinnfhiosúcháin an Gharda Síochána.
15. Cloíonn an scoil le ciorcláin ábhartha na Roinne Oideachais agus Óige maidir le hearcaíocht.
16. Tá cód iompair ag an scoil do phearsanra na scoile (foireann teagaisc agus neamh-mhúinteoireachta).
17. Cloíonn an scoil leis na nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe don fhoireann teagaisc.
18. Tá polasaí riachtanais oideachais speisialta ag an scoil.
19. Tá polasaí/plean cúraim phearsanta ag an scoil i leith daltaí a bhfuil cúram den sórt sin de dhíth orthu acu.
20. Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil maidir le cógas a thabhairt do dhaltaí.
21. Tá cóip de Ráiteas um Chosaint Leanaí agus de Mheasúnú Riosca na scoile curtha ar fáil ag an scoil do gach ball foirne.
22. Cinnfíonn an scoil go gcuirtear cóip de Ráiteas um Chosaint Leanaí agus de Mheasúnú Riosca na scoile ar fáil do gach ball foirne nua.
23. Molann an scoil do bhaill foirne leas a bhaint as oiliúint ábhartha.
24. Molann an scoil do bhaill an bhoird bhainistíochta leas a bhaint as oiliúint ábhartha.
25. Coimeádann an scoil taifid ar oiliúint na foirne agus na gcomhaltaí boird go léir.
26. Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil maidir le riaradh Garchabhrach.
27. Tá cód iompair i bhfeidhm ag an scoil do dhaltaí.
28. Tá Polasaí Úsáide Inghlactha i bhfeidhm ag an scoil, lena n-áirítear foráil do theagasc agus foghlama ar líne go cianda, agus tá an polasaí seo curtha in iúl do thuismitheoirí.
29. Tá polasaí i bhfeidhm ag an scoil maidir le húsáid fóin chliste agus táibléad sa scoil ag daltaí de réir chiorclán 38/2018 agus na dtreoirlínte náisiúnta.
30. Tá Plean Bainistíochta Teagmhas Criticiúil i bhfeidhm ag an scoil.
31. Tá polasaí Teagmhála Baile is Scoile agus nósanna imeachta gaolmhara i bhfeidhm ag an scoil.
32. Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil maidir le húsáid daoine seachtracha chun cur le seachtadach an churaclaim.

33. Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil maidir le húsáid cóitsealaithe spóirt seachtracha.
34. Tá polasaí agus nósanna imeachta soiléire i bhfeidhm ag an scoil maidir le gníomhaíochtaí teagaisc duine le duine.
35. Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil maidir le comhairleoireacht duine le duine.
36. Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil maidir le socrúcháin mhúinteoirí faoi oiliúint.
37. Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil maidir le daltaí atá ag gabháil do thaithí oibre sa scoil.
38. Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil maidir le daltaí na scoile atá ag déanamh taithí oibre in eagraíochtaí seachtracha.
39. Tá polasaí i bhfeidhm ag an scoil maidir le cúnamh a thabhairt do bhaill foirne na scoile i ndáil le nochtadh mí-úsáide stairiúil.
40. Tá na ceisteanna in Aguisín 1 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint agus um Chosaint Leanaí le haghaidh Áiseanna Cónaithe a Bhaineann le Scoileanna Áiritheanta 2023* breithnithe ag an scoil agus tá na bearta maolaithe riosca riachtanacha curtha i bhfeidhm aicí.

De réir Alt 11 den Acht um Leanaí ar dtús 2015 agus le ceanglais Chaibidil 9 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025, seo a leanas an Ráiteas um Chosaint Leanaí agus an Measúnú Riosca i scríbhinn.

Agus an Ráiteas um Chosaint Leanaí agus an Measúnú Riosca seo a ndéanamh acu, tá iarracht déanta ag an mbord bainistíochta na rioscaí díobhála a bhaineann leis an scoil seo a aithint a mhéid is féidir agus a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta leorhóthanacha i bhfeidhm chun na rioscaí go léir a shainaithnitear a bhainistiú. Cé nach féidir gach riosca díobhála a thuar agus a bhaint, tá na nósanna imeachta atá liostaithe sa mheasúnú riosca seo i bhfeidhm ag an scoil chun an riosca a bhainistiú agus a laghdú a mhéid is féidir

Rinne an bord bainistíochta athbhreithniú ar an Ráiteas um Chosaint Leanaí agus ar an Measúnú Riosca seo ar _____ (*dáta athbhreithnithe is déanaí)*

Sínithe:*		**Dáta:**	22/10/2026

Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta

Sínithe:*	Peadar Ó Sé	**Dáta:**	22/10/2026

Príomhoide/Rúnaí an bhoird bhainistíochta

Táthar ag súil go ndéanfar athbhreithniú arís ar an Ráiteas um Chosaint Leanaí agus ar an Measúnú Riosca seo ar Deireadh Fómhair 2027 (*dáta athbhreithnithe ionchais*)

*Deacmhídh le priontáil agus le síniú le sínithe bunaidh

Aguisín - Suíomh chóipeanna de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí agus Treoir maidir le Leanaí ar dtús

D'fhéadfadh sé seo a bheith i bhfoirm suíomh ar líne do na nósanna imeachta a shonrú (láithreán gréasáin na Roinne Oideachais agus Óige agus/nó láithreán gréasáin na scoile), nasc a sholáthar do Threoir Náisiúnta Tús Áite do Leanaí 2017, agus líon agus suíomh na gcóipeanna crua de na nósanna imeachta seo atá ar fáil sa scoil a lua.

www.colaistecholmcille.ie

Halla iontrála na scoile

Seomra foirne na scoile

Ag baill foirne na scoile